C/2025/511

21.1.2025

Fógra le haghaidh duine áirithe atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

(C/2025/511)

Dírítear an fhaisnéis seo a leanas ar Viktoria Valerievna ABRAMCHENKO (Uimh. 1319.), duine atá á áireamh san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle [2] a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.

Tá sé á bheartú ag an gComhairle na bearta sriantacha a choinneáil ar bun i gcoinne an duine thuasluaite.

Cuirtear in iúl leis seo don duine sin go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle an ráiteas ar chúiseanna atá beartaithe maidir lena n-ainmniú a choinneáil a fháil, roimh 28 Eanáir 2025, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

---

[1] IO L 78, 17.3.2014, lch. 16.
[2] IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.